

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 280



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

9 Lúnasa 2023

Clár

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 280/01	Rátaí malairte an euro — 8 Lúnasa 2023	1
---------------	--	---

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 280/02	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11130 – SONAE / BKCF / BKSA / UNIVERSO IME / JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	2
---------------	---	---

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2023/C 280/03	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí	4
2023/C 280/04	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí	8
2023/C 280/05	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	13

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

8 Lúnasa 2023

(2023/C 280/01)

1 euro =

Airgeadra			Ráta malairte		
Airgeadra			Ráta malairte		
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0944	CAD	dollar Cheanada	1,4755
JPY	yen na Seapáine	156,55	HKD	dollar Hong Cong	8,5491
DKK	krone na Danmhairge	7,4515	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,8116
GBP	punt steirling	0,86158	SGD	dollar Shingepór	1,4766
SEK	krona na Sualainne	11,7440	KRW	won na Cóiré Theas	1 444,82
CHF	franc na hEilvéise	0,9600	ZAR	rand na hAfraice Theas	20,6870
ISK	króna na hÍoslainne	144,90	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,8950
NOK	krone na hIorua	11,2950	IDR	rupiah na hIndinéise	16 665,11
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaeisia	5,0151
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,240	PHP	peso na nOileán Filipíneach	61,747
HUF	forint na hUngáire	388,50	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,4500	THB	baht na Téalainne	38,348
RON	leu na Rómáine	4,9498	BRL	real na Brasaíle	5,3970
TRY	lira na Tuirce	29,5716	MXN	peso Mheicsiceo	18,8176
AUD	dollar na hAstráile	1,6827	INR	rúipí na hIndia	90,6614

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11130 – SONAE / BKCF / BKSA / UNIVERSO IME / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 280/02)

1. An 3 Lúnasa 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

- Sonae SGPS, S.A. ('Sonae', an Phortaingéil), atá faoi rialú Efanor Investimentos, SGPS, SE ('Efanor', an Phortaingéil),
- Bankinter Consumer Finance, E.F.C., S.A. ('BKCF', an Spáinn), atá faoi rialú Bankinter S.A. ('BKSA', an Spáinn),
- Universo IME S.A. ('Universo IME', an Phortaingéil), atá faoi rialú Sonae,
- Universo GC — Gestão e Consultoria, S.A. ('Universo GC', an Phortaingéil), atá faoi rialú Sonae.

Gheobhaidh Sonae agus BKCF Europa rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Universo IME. Tabharfaidh Sonae Universo GC ina iomláine do Universo IME.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Tá Sonae gníomhach go príomha i miondíol bia agus neamhbhia sa Phortaingéil, agus tá gníomhaíochtaí aige freisin in earnálacha lena n-áirítear airgeadas agus árachas tomhaltóirí, réadmhaoin, cumarsáid leictreonach, agus TF,
- Tá BKCF gníomhach den chuid is mó i soláthar seirbhísí baincéireachta miondíola sa Spáinn agus sa Phortaingéil. Soláthraíonn sé freisin seirbhísí baincéireachta corparáideacha agus infheistíochta, bainistíocht sócmhainní, bainistíocht cistí pinsin, seirbhísí infheistíochta, árachas agus cártaí íocaíochta,
- Tá Universo IME ag gabháil do sheirbhísí íocaíochta le tomhaltóirí, idirghabháil chreidmheasa d'iasachtaí tomhaltóirí arna ndeonú ag tríú páirtithe, agus seirbhísí fála ceannaí do mhiondíoltóirí,
- Soláthraíonn Universo GC seirbhísí bainistíochta agus margaíochta agus feidhmíonn sé mar idirghabhálaí árachais do chineálacha éagsúla árachais, lena n-áirítear árachas cosanta creidmheasa do thomhaltóirí.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ^(?), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thrú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11130 – SONAE / BKCF / BKSA / UNIVERSO IME / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

^(?) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 280/03)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini’

Uimh. AE: STFC-TR-02398-12.4.2018

STFC (X) TGFC ()

1. Ainm(neacha) [de STFC nó TGFC]
‘Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini’

2. Ballstát nó Tríú Tír
An Tuirc

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-ábhar

3.1. Cineál táirge
Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó próiseáilte

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Is ológ tábla é ‘Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini’ a fhaightear ón éagsúlacht Edremit trí ológa Edremit a scríobadh agus a chur ar bogadh in uisce goirt. Déantar cur síos thíos ar thréithe ‘Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini’.

Is iad seo a leanas gnéithe moirfeolaíocha na dtorthaí:

Méid:	Meán IOC (Caigdeán Idirnáisiúnta na Comhairle caighdeánach)
Meáchan (in aghaidh an 100 síol):	43,77 – 63,77 g
Toirt (in aghaidh an 100 síol):	43 - 63 cm ³
Fad na holóige tábla i sáile:	11,76 – 13,76 mm
Leithead na holóige boird i sáile:	6,15 – 8,15 mm
Cóimheas faid/leithid:	1,68 – 1,88 mm
Méid na síolta i dtorthaí:	14,00 – 15,48 mm

(¹) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Cruth:	Beagnach cruinn, sorcóireach
Fad-siméadracht:	Siméadrach
Siméadracht thrasnach:	Siméadrach
An pointe is leithne:	Gar don lár
Barr:	Comhréidh nó cruinn gan aon bholg
Cuas Petiolar:	Domhain i lár, caol, imeall eangaithe tointeála-chruthach.
Dath torthaí ar chrann:	Ó ghlas go bándearg, dath olóige tipiciúil
Dath chraiceann na holóige boird i sáile: béas go buí	
RAL 1001 – 1002 – 1003 – 1004 – 1018 – 1027 (dath-chóid idirnáisiúnta)	
Lionsacháin i dtorthaí glasa:	Dealraíonn mar cháithníní beaga
Meáchan (in aghaidh an 100 toradh):	355 - 375 g
Craiceann:	Domhaineitrithe agus garbh

Buantar na hológa nuair a bhíonn siad idir 1 agus 3 ar an innéacs aibíochta olóige.

pH sáile: 4,0 – 4,2

Salann Sáile: Uasmhéid 8 %

Aigéad Citreach: Uasmhéid 1,5 %

Blas: tím, almóinn shearbh, bliosán agus luibheanna Aeigéacha. Níl an blas searbh plúchtach agus ní mhaireann aon bholadh. Faightear an blas olóige nuair a chognaítear agus tá blas géar aici cosúil le craiceann líomóide.

Boladh: tá boladh an fhéir agus na tíme inbhraite sa tsáile. Chuirfeadh an dea-bholadh bláthanna an earraigh i gcuimhne duit.

Glactar le lochtanna féideartha (mar shampla damáiste don chraiceann maille le damáiste don bhia nó gan é, rocadh, láithreach an ghaís agus damáiste de bharr fungas, baictéar agus/nó feithidí) suas le huasmhéid 4 %.

Ba chóir go mbeadh an tsáile glan agus soiléir.

Féadfar substaintí aigéadaithe agus/nó leasaithigh, amhail aigéad L-ascorbach agus aigéad citreach, a úsáid agus an táirge á phacáistiú chun a sheilfré a chur chun cinn agus a leathnú.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Déantar an táirge a tháirgeadh ó chineál amháin de chineál olóige (Edremit).

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainaitheanta*

Ní mór gach céim sa phróiseas táirgthe (fás, fómhar agus próiseáil na n-ológ) a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe a thuairiscítear i bpointe 4 thíos.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, agus pacáistiú srl. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir táirgí a bhfuil meáchan idir 0,5 kg agus 14 kg acu a phacáil i bpacáistí de ghrád bia.

3.6. Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a scríobh nó a phriontáil go hinléite agus go doscrista ar phacáistí 'Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini':

- ainm agus seoladh trádála, ainm gearr agus seoladh, nó trádmharc cláraithe na cuideachta
- uimhir luchtóige
- ainm an earra - 'Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini'
- meáchan glan
- an lógó seo a leanas:



4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Clúdaíonn an réigiún geografach ina dtáirgtear 'Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini' go hoifigiúil Dúiche Edremit, Dúiche Havran, Dúiche Burhaniye, Dúiche Gömeç, Dúiche Ayvalık i gCúige Balıkesir, agus sráidbhailte Adatepe, Ahmetçe, Babakale, Balabanlı, Bademli, Behram, Bektaş, Büyükhusun, Çamkalabak, Hüseyinfakı, Demirci, Kayalar, Paşaköy, Sazlı, Koyunevi, Kozlu, Kuruoba, Küçükuyu, Kocaköy, Korubaşı, Tamiş, Yeniçay, agus Yeşilyurt, atá suite laistigh de theorainneacha Cheantar Ayvacık Chúige Çanakkale.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá saothrú olóige traidisiúnta i gceantar Mhurascaill Edremit. Tagann 'Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini' ón gcineál Edremit, a mheastar a bheith ar cheann de na cineálacha is mó aithne sa Tuirc. Rangaítear an cineál Edremit mar ológ ghlas scríobtha bhándearg. Is réigiún suntasach é limistéar Mhurascaill Edremit i dtaca le saothrú fairsing na n-ológ sa Tuirc. Tá crainn olóige ag fás ansin leis na mílte blianta agus sa lá atá inniu ann is gníomhaíocht mhór eacnamaíoch í.

Tá na húlloird olóige sa Tuirc suite de ghnáth sa limistéar cósta, áit a bhfuil dálaí aeráide na Meánmhara i réim. Is iad na príomhghnéithe nádúrtha a théann i bhfeidhm ar an toradh ná geomoirfeolaíocht, airde, nochtadh agus fána, aeráid, ithir, dálaí uisce, tréimhsiúlacht agus aois na gcrann, in éineacht le tosca bunaithe ar an duine amhail cothabháil, uisciú, sciortadh, am agus cineál na buainte. De réir staidéir eolaíochta, soláthraíonn an réigiún Aeigéach Thuaidh agus réigiún Marmara Theas coinníollacha fabhracha maidir le forbairt na dtorthaí olóige. Ós rud é go bhfuil Mhurascaill Edremit suite sa réigiún Aeigéach Thuaidh, tá an ráiteas seo fíor don chineál olóige Edremit. De réir staidéir eile, fásann an cineál Edremit go láidir faoi choinníollacha maithe cothabhála.

Timpeall an réigiúin ó thuaidh agus thoir, laghdaíonn Sléibhte Kaz tionchar diúltach maiseanna d'aer fuar i míonna an gheimhridh. Is í mí Eanáir an mhí is fuair i Mhurascaill Edremit, le meánteocht de thart ar 7 °C a ligeann do na crainn olóige a riachtanais fuairthe a shásamh gan stró. Tá na samhrai teo i Mhurascaill Edremit tábhachtach chun dlús a chur le gníomhaíochtaí fiseolaíochta an chrainn olóige agus le forbairt torthaí. Ós rud é go bhfuil na meánteochtaí thart ar 27 °C i Mhurascaill Edremit cuireann sé le fás na n-ológ. Cinntíonn sé seo go bhfuil searbhass agus géire na dtorthaí láidir ach cothrom. Cuireann na séasúir éagsúla le blas agus boladh na dtorthaí.

An t-aer sléibhe atá ar mhórán ocsaigine agus fionnuar a imshruthaíonn i dtreo na bhfánaí atá os comhair na farraige (idir 50 m agus 250 m ar airde) agus na ngleannta agus na gcainneon caol domhain atá cruthaithe ag na haibhneacha a éiríonn i Sléibhte Kaz agus a shreabhann isteach i Mhurascaill Edremit, tagann sé ar shruthanna acir ina bhfuil iaidín ó Mhurascaill Edremit sa Mhuir Aeigéach. Tarlaíonn cás den chineál céanna sna ceantair idir Sléibhte Madra agus Mhurascaill Edremit. Ar an gcúis sin, tá ológa a fhástar i gceantar Mhurascaill Edremit sainiúil i dtaca le blas, blaiseadh agus uigeacht bhia na dtorthaí olóige.

Tá ról suntasach ag gnéithe geomoirfeolaíochta maidir le coinníollacha aeráide an cheantair a chinneadh. Mar an gcéanna, bíonn tionchar ag tírghnéithe ar thréithe na hithreach, an fhásra agus na hidreolaíochta. Is toisc shuntasach é sin lena gcinntear cáilíocht na n-ológ a fhástar i Murascaill Edremit. Leis an struchtúr ithreach cuí agus ábhar orgánach leordhóthanach, déantar na crainn olóige a chothú agus a choinneáil tais agus fionnuar. Dá laghad strus a bhíonn ar na crainn, is ea is mó torthaí a mbíonn blas féir orthu a tháirgeann siad. Fuaraíonn Murascaill Edremit de réir mar a shéideann an ghaoth ón bhfarraige i rith an lae, ach athraíonn an ghaoth treo de réir mar a luíonn an ghrian sa tráthnóna, agus fuaraíonn fuacht na gaoithe ó thuaidh ó Shléibhte Kaz agus Madra na páirceanna olóige. Tá craicne tanaí agus marthanacha ag na hológa mallaipiúcháin. Ós rud é nach dtarlaíonn strus triomaigh, éiríonn an croí mín, rud a idirdhealaíonn Murascaill Edremit ó limistéir eile ina bhfástar ológa.

Carnann screamhuisce de réir mar a thiteann sneachta ó na sléibhte. Le teacht mhíonna an tsamhraidh, éiríonn an aimsir te. Cuireann an téamh seo an sneachta a leá. Sreabhann uisce sneachta síos go dtí na garráin ológ - faoin talamh ach gar don dromchla. Cruthaíonn sé seo cúlchiste uisce don samhradh.

Tá uisciúchán thar a bheith tábhachtach maidir le cáilíocht agus táirgeacht tar éis na ngeimhrí tirime.

Mar gheall ar uisciúchán éiríonn na hológa atá ag aibiú níos mó, forbraíonn siad an cruth cuí agus ionsúnn siad cothaitheigh leordhóthanacha ó na comhpháirteanna ábhartha go léir (ithir, aeráid, gaoth agus cúltaisc uisce). Bíonn níos lú struis ar na crainn olóige freisin, mar sin forbraíonn siad an dea-bholadh agus an blas a bhaineann go sonrach leis an réigiún sin. Chuirfeadh an dea-bholadh sin bláthanna an earraigh i gcuimhne duit. Tá boladh an fhéir agus na tíme inbhraite sa tsáile.

Mar gheall ar na coinníollacha sin tá blas ar leith ag ológa Edremit a fhástar sa réigiún (tím, almóinn shearbh, bliosán agus luibheanna Aeigeacha.) agus bíonn blas olóige boird glas scríobtha uathúil mar thoradh air, a thugtar chun suntais leis an tsáile. Tá bia torthaí an táirge deiridh coipthe 'Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytin' níos boige agus níos blasta ná mar atá ó réigiúin eile. Níl an blas searbh plúchtach agus ní mhaireann aon bholadh. Faightear an blas olóige nuair a chognaítear agus tá blas géar aici cosúil le craiceann líomóide. Níor chóir go mbeadh aon bholadh ná blas ime, cáise, sáile nó ábhar orgánach lofa sna hológa boird agus caithfidh an tsáile a bheith ar chaighdeán uisce óil.

Déantar ológa atá ag dul faoin bpróiseas seo a dheighilt de réir méide. Tugtar aird ar mhéid idir 200 agus 300 in aghaidh an kg a áirithiú. Déantar na hológa a phacáil i gcoimeádáin réamhullmhaithe. Coinnítear iad ar feadh 3 seachtaine gan substaintí salann agus/nó substaintí aigéadaithe saorga a chur leo láithreach. Ag deireadh an tríú seachtain, cuirtear in uisce goirt iad ina bhfuil uasmhéid salainn 8 %. Fágтар na hológa ansin chun blas a fháil. Scaiptear na coimeádáin lena n-áirítear na hológa agus an tsáile gach 10 lá. Ba cheart gach próiseas, lena n-áirítear bogadh ar uisce goirt, a dhéanamh sa limistéar geografach a shonraítear in Airteagal 4.

Is í an phríomhthoisic shainiúil a bhaineann le táirgeadh 'Edremit Körfezi Yeşil Çizik Zeytini' ná a choipeadh nádúrtha. Ní bhíonn aon idirghabháil dhaonna ná aon chóireáil cheimiceach ann agus na hológa i mbun coipthe; dá bhrí sin, leanann an próiseas táirgthe ar feadh 6 mhí ar a laghad tar éis na buainte, de réir mar a bhaintear an tseirbhe. Mar sin féin, bíonn roinnt seirbhe fós sa táirge deiridh, rud a dhearbhaíonn úire agus barántúlacht na n-ológ.

Gné shuntasach shainiúil a bhaineann leis na hológa boird glasa scríobtha a dhéantar as torthaí olóige a tháirgtear sa réigiún ná gur furasta an bia agus an síol a scaradh óna chéile nuair a bhíonn coipeadh críochnaithe agus ní fhanann aon bhia torthaí ar an síol. Gné shuntasach eile is ea go n-iompaíonn dath chraiceann na dtorthaí go buí líomóide sa táirge coipthe.

Is furasta an bia agus an croí a dheighilt óna chéile. Tá an síol olóige garbh ach ní chuireann sé isteach ar an teanga.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

—

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 280/04)

Lena fhoilsíú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe an iarratais seo.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’

Uimh. AE: PGI-FR-02782 — 2.7.2021

ATFC () TGFC (X)

1. Ainm nó ainmneacha

‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’

2. Ballstát nó tríú tír

An Fhrainc

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra

3.1. Cineál táirge

Aicme 2.6. Salann

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Cur síos de réir catagóir táirge

A- ‘Sel de l’Île de Ré’

‘Sel de l’Île de Ré’ i bhfoirm criostail

Saintréithe orgánaileipteacha

Tagann ‘Sel de l’Île de Ré’ i bhfoirm criostail nach bpróiseáiltear tar éis iad a bhailiú, ar a dtugtar salann garbh go coitianta, nó i bhfoirm salann mín, i gcás criostail bhrúite nó chriathraithe. Tá dath liath idir bán ar ‘Sel de l’Île de Ré’, a athraíonn ag brath ar an ábhar dothuaslagtha den táirge. D’fhéadfadh go mbeadh dathanna beagán dearg go buí air mar gheall ar mhiocroorgánaigh bheith i láthair.

Saintréithe fisiceacha

Is comhiomláin chiúbacha iad na criostail a bhailítear den chuid is mó nó bíonn cruth ciúbach orthu den chuid is mó.

Is éard atá i ‘Sel de l’Île de Ré’ i bhfoirm chriostail ná salann ina bhfuil gráinní de mhéideanna éagsúla nuair a bhailítear iad, a d’fhéadfadh a bheith éagsúil go mór le linn an tséasúir táirgthe agus ag brath ar an gcaoi a ndéantar na riasca goirt a bhainistiú.

— Méid gránach ‘Sel de l’Île de Ré’, neamhphróiseáilte, ar a dtugtar go coitianta salann garbh: tá gráin níos lú ná 8 mm ar a laghad ag 90 % den salann.

— Méid gránach salainn mhín: tá gráin níos lú ná 2 mm ar a laghad ag 90 % den salann.

Nuair a bhíonn sé pacáistithe, níl aon ábhar cruaidh gear coimhthíoch níos mó ná 7 mm in ‘Sel de l’Île de Ré’.

Saintréithe ceimiceacha

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Bíonn ‘Sel de l’Île de Ré’ i bhfoirm chriostail neamhscagtha, gan bheith nite agus saor ó shubstaintí breise. Nuair a bhíonn sé pacáistithe tá:

- cion dothuaslagtha aige de 0,75 g nó níos lú in aghaidh 100 g de salann
- cion taise aige de 10 % nó níos lú.

‘Sel de l’Île de Ré’ i bhfoirm salainn bhalctha

Saintréithe orgánaileipteacha

I bhfoirm bhalctha de ‘Sel de l’Île de Ré’ bíonn criostail bhalctha ann. Tá dath idir liath agus bán air, a athraíonn ag brath ar ábhar dothuaslagtha an táirge. D’fhéadfadh go mbeadh dathanna beagán dearg go buí air mar gheall ar mhicrorgánaigh bheith i láthair.

Saintréithe fisiceacha

Tagann an fhoirm bhalctha de ‘Sel de l’Île de Ré’ i mbloic de mhéideanna agus cruthanna éagsúla, le níos mó ná 4 g meáchan ann.

Nuair atá sé pacáistithe, níl aon ábhar crua ná géar coimhthíoch níos mó ná 7 mm in ‘Sel de l’Île de Ré’ i bhfoirm bhalctha.

Saintréithe ceimiceacha

I bhfoirm bhalctha de ‘Sel de l’Île de Ré’ bíonn sé neamhscagtha, gan bheith nite agus saor ó shubstaintí breise. Nuair a bhíonn sé pacáistithe tá:

- cion dothuaslagtha aige de 0.75 g nó níos lú in aghaidh 100 g de salann
- cion taise aige de 5 % nó níos lú.

B- ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’

Saintréithe orgánaileipteacha

Tá ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ comhdhéanta de chriostail éadroma bhrusacha a bhíonn ar snámh ar dhromchla an uisce tráth an bhailiúcháin.

Tá dath bán ar ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ agus d’fhéadfadh dath beagán dearg agus buí a bheith air mar gheall ar mhicrorgánaigh a bheith ann, a thréigean le himeacht ama.

Saintréithe fisiceacha

Tá cruth pirimide inbhéartaithe chuasaigh go príomha ar chriostail ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’.

Níl aon ábhar coimhthíoch crua ná géar níos mó ná 5 mm in ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’.

Nuair a bhíonn sé pacáistithe, tá dlús 0,8 nó níos lú ag ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’.

Saintréithe ceimiceacha

Nuair a bhíonn sé pacáistithe, tá na nithe a leanas ag ‘Île de Ré Fleur de sel’:

- cion taise 8 % nó níos lú.
- cion dothuaslagtha 0,2 g nó níos lú in aghaidh 100 g de fleur de sel

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn táirgeadh agus bailiú ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ go heisiach sa limistéar geografach.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisní, grátáil, agus pacáistiú srl. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ a phacáil i bpacáistí a shainithnítear le baiscuimhir.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Sa limistéar geografach, cumhdaítear an 10 mbardas seo a leanas:

Ars-en-Ré, Le Bois-Plage-en-Ré, La Couarde-sur-Mer, La Flotte, Loix, Les Portes-en-Ré, Rivedoux-Plage, Saint-Clément-des-Baleines, Saint-Martin-de-Ré agus Sainte-Marie-de-Ré.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Táirgtear ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ as salann mara oileáin a bhailítear de láimh tar éis galú nádúrtha uisce farraige a shreabhann trí dhomhantarraingt ar bhealach rialaithe isteach i riasca goirt ina bhfuil leaba comhdhéanta go nádúrtha de chré.

Is éard atá i dtréithe agus i gcáil ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ toradh ar mheascán d’fhachtóirí nádúrtha, go háirithe fachtóirí aeráide agus moirfeolaíocha, a bhaineann go sonrach le Île de Ré, agus an fios gnó a úsáideann na hoibrithe salainn ó bhí an 12ú haois ann.

Is oileán measartha réidh, íseal agus dríodair é Ré, atá suite cúpla ciliméadar amach ó La Rochelle agus a scarann an Pertuis Briotáinis ó thuaidh ón Pertuis d’Antioche ó dheas.

Mar shaintréithe ag an Île de Ré, ta ardchlár aolchloiche ísle a bhaineann le limistéir riasc taoide. Tá an Île de Ré comhdhéanta de thrí iar-oileánraí (Ré, Ars agus Loix) atá mar chuid de ardchlár aolchloiche Aunis. Sna lagáin Fier d’Ars agus Fosse de Loix, ceanglaíodh le chéile iad de réir a chéile le guairí, scaineagán agus dríodair carntha, rud a chruthaigh limistéir mhóra de riasca taoide. Sna riasca seo, d’fhorbair carnáin dríodair a sil-leagadh go nádúrtha, go háirithe le linn an chúlaithe oighreach Holocene, chun teacht chun bheith ina chineál dríodair ar a dtugtar *terre de bri*, rud a chruthaigh cré liath dhlúth ar a dtugtar *bric* ar an oileán. Bhí tírdhreach rilífe an-íseal mar thoradh ar na heachtraí éagsúla seo agus ní sáraíonn an pointe is airde 20 méadar.

Tá an Île de Ré suite san Aigéan Atlantach, a bhfuil taoidí leathlaethúla ann. Féadfaidh na taoidí is láidre raon taoide idir 5 agus 6 mhéadar a bhaint amach.

Is iad na príomhthréithe atá ag an méiseaeráid de Île de Ré ná meánlíon gréine bliantúil ard (2 250 uair an choig de sholas na gréine in aghaidh na bliana, de réir stáisiún meitéareolaíochta La Rochelle) mar aon le báisteach íseal le meán de 712 mm in aghaidh na bliana thar meán de 113 lá frasaíochta (meánmhéid sonraí ag La Couarde-sur-Mer, 1981-2010, Météo France). Ina theannta sin, is beag athrú ar theocht agus ar thaise idir lá agus oíche. Bíonn aeráil gníomhach agus rialta mar thoradh ar ghaotha farraige ailtéarnacha agus suaithheadh farraige, lena dtugtar gaotha níos láidre ón iarthuaisceart.

Chun limistéir táirgthe a mhéadú, mhúnlaigh daoine an Île de Ré trí chodanna éagsúla den oileán a ghlanadh nó a dhealbhú.

D’fhorbair riasca goirt an Île de Ré sa 12ú haois (1191), ar thionscnamh na manach Saint-Michel-en-l’Herm, *seigneurs* na n-oileán Ars agus Loix.

Lean an limistéar táirgthe salainn ag méadú mar thoradh ar thógáil claífort bríomhar agus cruthú riasca goirt timpeall Fier, ar thionscnamh na bProtastúnach mór le rá san Île de Ré agus La Rochelle. Shroich táirgeadh salainn ar an Île de Ré buaicphointe i lár an 19ú haois, ag fás go 1 550 ha de riasca agus táirgeadh bliantúil de 31 750 tona, rud a fhágann go bhfuil sé ina bhunchloch i bhforbairt an oileáin (Tardy, 1987). Clúdaíonn an limistéar réisc, atá oiriúnaithe do tháirgeadh salainn, thart ar 20 % d’achar iomlán an oileáin faoi láthair. Tá tionchar láidir ag an timpeallacht sin ar de dhéantús an duine í ar tírdhreach agus ar íomhá an oileáin.

Tá oibriú reatha riasca goirt Île de Ré agus na teicnící bainte comhionann leis na cleachtais a bhí ar eolas nuair a bhí oibreacha salainn an oileáin ag a mbuaic (sa 19ú haois).

Teastaíonn fios gnó sonrach chun sreabhadh an uisce a threorú isteach sna riasca goirt trí dhomhantarraingt agus tá sé ríthábhachtach chun ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ a tháirgeadh. Ní mór go mbeadh tuiscint mhaith ag na hoibrithe salainn ar ghnéithe a riasc goirt chun an t-uisce a bhainistiú i gceart, a áirithiú go ngalaíonn sé i gceart agus ar an gcaoi sin táirgeadh salainn agus *fleur de sel* a bharrfheabhsú.

Leanann na hoibrithe salainn teicnící ársa agus úsáideann siad uirlisí traidisiúnta (*boguette*, *rouable*, *simoussi*, *cuihmneacháin*, srl.) atá deartha chun riasca salainn a chothabháil, salann a bhailiú de láimh, agus *fleur de sel* a bhailiú ar bhonn laethúil.

Tá dath idir liath agus bán mar thréith ag ‘Sel de l’Île de Ré’ agus d’fhéadfadh go mbeadh dathanna beagán buí go dearg air. Ag an am a bhailítear iad, tá cruth ciúbach ar an gcuid is mó de na criostail, agus díoltar iad go príomha sa bhfoirm seo, cé go bhféadfadh siad a bheith brúite, criathraithe nó dlúite.

Tá dath bán ar ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ agus d’fhéadfadh go mbeadh dath beagán dearg agus buí air, a thréigean i léig le himeacht ama.

Tá sé comhdhéanta de chriostail éadroma agus bhrusacha den chuid is mó i bhfoirm pirimide inbhéartaithe chuasaigh, a bhíonn ar snámh ar dhromchla an uisce ag an am a bhailítear é.

Ní nitear ná leasaítear ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’.

Go bunúsach, tá tréithe ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ mar thoradh ar mheascán d’fhachtóirí nádúrtha ar an Île de Ré, agus ar an bhfios gnó atá á úsáid ag táirgeoirí salainn agus *fleur de sel*.

Le leathnú na riasca goirt ar an Île de Ré, trí limistéir réisc a fhorbairt agus a ghlanadh, tá méiseaeráid bhunaidh an oileáin tar éis éirí níos déine, atá sainiúil agus go háirithe galaithe. Cruthaíonn an ardleibhéal gréine, malartaithe na leoithní farraige agus talún, agus báisteach theoranta, dálaí fabhracha le haghaidh táirgeadh salainn agus *fleur de sel*. Le cré na riasca goirt, atá ina ábhar neamh-thréscailteach, ligtear teas na gréine a fhrithchaitheamh, rud a fheabhsaíonn éifeachtúlacht na n-imchuach tiúchana. Is é an cré sin atá thar a bheith crua an chúis atá leis an gcion dothuaslagtha íseal, rud a dhéanann difear do scáth ar leith an tsalainn (liath go bán). Baineann na dathanna dearga agus buí, a bhíonn i láthair uaireanta, le láithreach na miocrorgánach a bhaineann go sonrach leis an gcomhshaoil.

D’fhoghlaim oibrithe salainn conas dálaí comhshaoil a láimhseáil trí shaineolas a fhorbairt maidir le forbairt talún, bainistiú uisce laistigh den riasc, úsáid na n-uirlisí sonracha agus rithim an bhailiúcháin. Tá an fios gnó maidir le táirgeadh salainn ar Île de Ré mar chuid de thraidisiún fada agus cuireann sé le tréithe an tsalainn seo. Tá na riasca goirt, a bhfuil leaba déanta go nádúrtha de chré acu, múnlaith chun an t-uisce farraige a ghabháil go nádúrtha agus a sreabhadh de réir domhantarraingthe a rialáil. Bainistíonn oibrithe salainn sreabhadh an uisce farraige, ó na *vaisis* [imchuacha] go dtí an *aires saumates* [limistéir táirgthe salainn], chun an galú a spreagadh agus criostalú uisce farraige chun salann agus *fleur de sel* a fháil.

Nuair a bhailítear é de láimh, bíonn gráinní de mhéideanna éagsúla i ‘Sel de l’Île de Ré’. Cruthaíonn an ardleibhéal éagsúlachta seo, ar saintréith de shalann a bhailítear de láimh de réir fios gnó traidisiúnta na dtáirgeoirí salainn Atlantaigh, uasteorainn níos airde do mhéid an ghráin ná an chuid is mó de na salainn a bhaintear go meicniúil.

Do tháirgeadh *fleur de sel*, chomh maith leis na dálaí atmaisféarachacha sonracha (gaoth éadrom, ghrian, agus easpa taise nó báistí), teastaíonn saineolas ar dhálaí uisce agus teicnící bailiúcháin níos cruinne fós. Tá gá le sraith tanaí uisce ionas go bhféadfaidh an *fleur de sel* snámh gan srian ar an dromchla agus a bhailiú go cúramach.

Le chéile, de bharr dhálaí fisiceacha agus aeráide an chomhshaoil agus fhios gnó na n-oibrithe salainn is féidir salann agus *fleur de sel* a tháirgeadh agus a bhailiú nach gá a ní ná a shaibhriú, a bhuí lena saintréithe ó nádúr.

Le breis agus 800 bliain, tá táirgeadh salainn ina cholún de gheilleagar an Île de Ré, i dtrádáil réigiúnach agus i dtrádáil níos fadraoin. Tagraíonn roinnt cuntas stairiúil, ón 15ú haois go dtí Réabhlóid na Fraince agus arís go luath sa 20ú haois, do tháirgeadh salainn ar an Île de Ré agus a thrádáil náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Gach bliain, bíonn ‘Sel de l’Île de Ré’ mar ábhar clúdach sna meáin chumarsáide sna nuachtáin agus ar an teilifís (*Sud-Ouest* 1986, *Le Figaro* 2012, *France 3* 2017, srl.).

Luaitear ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ i go leor asraonta meán cumarsáide freisin (*The New York Times* 2012, *Pointe* 2017, an *France Inter* 2021, srl). Tá sé le fáil i leabhair oidis áitiúla, go háirithe i leabhair Bahic *Le sel de l’Île de Ré* (2015).

Ar deireadh, ó athbheochan táirgeadh salainn ag deireadh an 20ú haois, tá forbairt shuntasach tagtha ar ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’.

Téann an cháil seo thar theorainneacha na Fraince, toisc go n-onnmhairítear ‘Sel de l’Île de Ré’ / ‘Fleur de sel de l’Île de Ré’ go dtí an Eoraip agus go Meiriceá Thuaidh agus Theas, chuig an Áise agus chuig tíortha áirithe sa Mheánoirthear freisin. Léiríonn ailt sna meáin an turas idirnáisiúnta seo, lena n-áirítear *Sud-Ouest* 1987, *The New York Times* 2012, agus *ARD* 2021.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

<https://extranet.inao.gouv.fr/fichier/CDC-SFdSRe2211.pdf>

Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2023/C 280/05)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

‘Utiel-Requena’

PDO-ES-A0874-AM02

Dáta teachtaireachta: 9 Bealtaine 2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Feabhsaíodh an tuairisc ar na fionta

TUAIRISC

- A) Cuireadh catagóirí sonracha fíona leis i gcomhréir leis an tuairisc a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- B) Maidir le neart alcóil fíonta a gcuirtear téarmaí speisialta i bhfeidhm maidir leo, úsáidtear foclaíocht éagsúil i Spáinnis anois chun ‘neart alcóil iarbhir’ a chur in iúl.

Baineann an leasú seo le Roinn 2 den tsonraíocht agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil iontu ach coigeartuithe ar chúiseanna dlíthiúla agus nach bhfuil siad ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis: is mar an gcéanna iad na cineálacha fíona a chumhdaítear leis an ATFC, ach luaitear an chatagóir lena mbaineann siad sa tsonraíocht anois. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d'ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná níl aon fhéidearthacht ann go ndéanfaí an nasc neamhbhaillí.

CÚISEANNA

Le haghaidh phointe A): chun an tsonraíocht a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33. Le haghaidh phointe B): chun é a thabhairt i gcomhréir le Cuid IV d'Iarscríbhinn II le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus le hAirteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34.

2. Tá an tuairisc orgánaileipteach ar na fionta rosé níos mionsonraithe

TUAIRISC

Freisin, feabhsaíodh an tuairisc fhísiúil ar na fionta sin. Tugtar tuairisc orthu anois mar a bheith idir bándearg corcairghoirm agus bándearg oráiste. Roimhe seo, bhí an tuairisc teoranta do na cinn a dhéantar ón gcineál fíonchaoire Bobal a lua, agus do thuairisc chineálach ar na himreacha bándearga mar ‘bríomhar’. Baineadh an tagairt do shú craobh mar thréith idirdhealaitheach den tuairisc ar na dea-bholaithe.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Déanann an leasú seo difear do Roinn 2 den tsonraíocht agus do phointe 4.3 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d'ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná níl aon fhéidearthacht ann go ndéanfaí an nasc neamhbhailí, agus níl aon srianta gaolmhara ann maidir leis an táirge a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Is é is cuspóir don leasú seo tuairisc níos mionsonraithe a thabhairt ar thréithe orgánaileipteacha fionta rosé a tháirgtear le ATFC Utiel-Requena. Tugtar tuairisc ar chuma ár bhfionta ina héagsúlacht uile anois, atá ann de thoradh dul chun cinn teicniúil agus na fionchaora a úsáidtear. Ciallaíonn an leasú gur féidir raon dathanna a chur i dtábhacht. Baineadh sú craobh den tuairisc ar na dea-bholaithe ós rud é nach tréith thipiciúil é de na fionta ón ainmniúchán tionscnaimh seo. Níl an dea-bholadh sin ag na fionta a dhéantar as cineálacha traidisiúnta áirithe, fiú.

3. Tá an tuairisc orgánaileipteach ar na fionta geala agus rosé súilíneacha ar ardchaighdeán níos mionsonraithe

TUAIRISC

Luaitear blas láidir a chuireann teagmháil moirte i gcumhne sa tuairisc anois. Níor luadh sin i bhfoclaíocht bhunaidh na sonraíochta. Mar sin féin, is saintréith orgánaileipteach suntasach é atá i láthair sa chineál sin d'fhíon geal agus rosé.

Déanann an leasú seo difear do Roinn 2 den tsonraíocht agus do phointe 4.4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d'ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná níl aon fhéidearthacht ann go ndéanfaí an nasc neamhbhailí, agus níl aon srianta gaolmhara ann maidir leis an táirge a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Is é an aidhm atá ann tuilleadh mionsonraí a thabhairt sa tuairisc ar an táirge. Is amhlaidh atá toisc go bhfuair painéal tástála an chomhlachta cigireachta don ainmniúchán tionscnaimh seo gur féidir teagmháil moirte a bhrath sna fionta geala agus rosé.

4. Tá an uastáirgeacht táirge luaite

TUAIRISC

Luaitear sa roinn faoi chleachtais fhíoneolaíochta shonracha gurb é 74 lítear fíona in aghaidh gach 100 lítear fionchaor a bhuantar an t-uasráta comhshó a cheadaítear.

Déanann an leasú seo difear do Roinn 3 den tsonraíocht agus do phointe 5.1 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d'ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná ní fhéadtar an nasc a neamhbhailiú, agus níl aon srian gaolmhar ann maidir le fionta an ATFC seo a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Tá an táirgeacht cheadaithe luaite mar chleachtas fíoneolaíochta sonrach, i gcomhréir leis an táirgeacht a leagtar síos i Roinn 5 den tsonraíocht. Bhí méid na táirgeachta intuigthe cheana féin sa tsonraíocht, luaite i gcileagraim in aghaidh an heicteáir agus i heictilítir in aghaidh an heicteáir. Tá sé luaite go sainráite anois.

5. **Tá cineálacha nua *vitis vinifera* tugtha isteach, agus tá na príomhchineálacha ainmnithe leis an téarma speisialta ‘ardcháilíocht’ a úsáid**

TUAIRISC

Tá Graciano agus Monastrell curtha san áireamh leis na cineálacha fíonchaor dearg. Cuireadh Viognier, Xarel-lo, Godello, Garnacha Blanca, Albariño agus Tortosí san áireamh sna cineálacha fíonta geala. Cuirtear in iúl anois cé acu atá ina bpríomhchineálacha agus cé acu nach bhfuil.

Déanann an leasú seo difear do Roinn 6 den tsonraíocht agus do phointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d'ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná ní fhéadtar an nasc a neamhbhailiú, agus níl aon srian gaolmhar ann maidir le fíonta an ATFC seo a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Na cineálacha nua uile a áirítear sa tsonraíocht, fástar iad sa limistéar a chumhdaítear le ATFC Utiel-Requena. Go stairiúil, úsáidtear na cineálacha nua a cuireadh leis [an tsonraíocht] i bhfíonta ar ardchaighdeán ón limistéar, mar chineálacha aonair nó i gcumaisc, agus ciallaíonn sé sin go bhfuil na cineálacha sin dea-bhunaithe. Dá bhrí sin, is féidir aitheantas a thabhairt don traidisiún de na fíonchaora sin a fhás sa limistéar agus iad a chur san áireamh sa chosaint a thugtar faoin ATFC dá dheasca sin.

Cuireann an cineál Graciano struchtúr agus tréithe aramatacha leis na cineálacha atá in úsáid cheana féin. Is fíonchaor thipiciúil ón Meánmhuir é Monastrell, atá ag dul in oiriúint do choinníollacha aeráide an ainmniúcháin tionscnaimh i gcomhthéacs reatha an athraithe aeráide. Tá na cineálacha fíonchaor geal Viognier agus Tortosí in úsáid sa limistéar le tamall anuas. Tá ciall leis, dá bhrí sin, go nglacfaí leo mar fhíniúnacha atá oiriúnach chun fíonta leis an ATFC a dhéanamh. Tá Xarel-lo le fáil sa limistéar freisin. Tá sé imithe in oiriúint don talamh anois agus bíonn torthaí chomh iontach sin uaidh gur fíonchaor thraidisiúnta anois é. Taispeánadh go bhfuil saintréithe ag Godello agus ag Albariño, a chuirtear sa limistéar go traidisiúnta, a léiríonn croí na bhfíonta geala áitiúla, le haghaidh fíonta ar ardchaighdeán. Is féidir an rud céanna a rá faoi Garnacha Blanca, a bhí in úsáid cheana féin chun feabhas a chur ar fhíonta eile, trí struchtúr agus tathag a chur leo.

Baineann an gá leis na príomhchineálacha a shainaithint leis an gceanglas go n-úsáidfí cineálacha áirithe chun go gcáileoidh fíonta don téarma speisialta ‘ardcháilíocht’. Cumhdaítear sin le pointe (ii) d’Fhoroinn H ‘Tearmaí speisialta agus traidisiúnta’, i Roinn 8 den tsonraíocht. Tugtar na dálaí táirgthe cothrom le dáta leis.

6. **Feabhsuithe ar fhocláíocht na roinne um an nasc**

TUAIRISC

Sa tsonraíocht roimhe seo, faoi ‘Tosca Daonna’ sa roinn faoin nasc, luadh go raibh an limistéar a chumhdaítear le ATFC Utiel-Requena le cur san áireamh sa chatagóir ‘tírdhreach fíniúnacha agus fíonta’ san iarratas ar stádas Oidhreachta Domhanda UNESCO. An staid atá ann faoi láthair ná gur cuireadh an limistéar fhionsaothrúcháin seo san áireamh sa liosta tascach faoin cheannteideal ‘Fíon san Ibéir’. Ina theannta sin, tá an líon saothróirí fíona tugtha cothrom le dáta, luaitear na cineálacha nua, tá an tuairisc ar na fíonta curtha in oiriúint i gcomhréir leis na hathruithe ar a saintréithe orgánaileipteacha, agus, sa roinn faoin nasc cúisíoch, luaitear fíonta licéir freisin.

Baineann an leasú seo le Roinn 7 den tsonraíocht agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d'ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná níl aon fhéidearthacht ann go ndéanfaí an nasc neamhbhailí, agus níl aon srianta gaolmhara ann maidir le fíonta an ATFC seo a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Ghlacamar an deis chun an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta ar an nasc. Ina theannta sin, ceartaíodh an t-easnamh neamhbheartaithe maidir le fionta licéir.

7. **Ceanglais um choimeád i siléar**

TUAIRISC

Meastar gurb iomchuí soiléiriú a chur leis an tsonraíocht maidir le fionta ATFC a choimeád i siléar. Fanann siad laistigh den limistéar táirgthe cé go leanfar le coimeád i siléar lasmuigh den limistéar ATFC a údarú, i gcomhréir le cearta seanbhunaithe agus faoi réir rialuithe iomchuí. Tá feidhm ag an rud céanna maidir le *bodegas de embotellado*, siléir fíona a bhfuil saoráidí buidéalaithe acu, ar choinníoll gur údaraíodh iad roimh mhí na Nollag 2011. Athraíodh an ceanteideal ‘Fionta a bhuidéalú’ go dtí ‘Fionta a bhuidéalú agus a choimeád i siléar’.

Déantar difear do Roinn 8.F den tsonraíocht, agus í athraithe go 8.E anois mar thoradh ar Roinn 8.A, a rinne tagairt do reachtaíocht atá imithe i léig, a bhaint amach. Ní dhéantar aon difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d’ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná níl aon fhéidearthacht ann go ndéanfaí an nasc neamhbhailí, agus níl aon srianta gaolmhara ann maidir le fionta an ATFC seo a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Ba cheart d’fhionta arna gcoimeád i siléar fanacht laistigh den limistéar geografach, i siléir fíona nach mór iad a bheith cláraithe amhlaidh. Is amhlaidh sin chun seiceáil a éascú chun barántúlacht agus cáilíocht na bhfionta a éascú, chun leasa an tomhaltóra.

8. **Feabhas ar na rialacha lipéadaithe**

TUAIRISC

Baineadh an ceanglas maidir le lipéid a údarú sula gcuirtear i gcúrsaíocht iad. Is roghnach anois é iad a chur faoi bhráid an chomhlachta bainistíochta, atá in ann barúlacha neamhcheangailteacha a eisiúint, gan dochar don reachtaíocht is infheidhme, ar na lipéid a bheith i gcúrsaíocht. Is iad na hoibreoirí atá freagrach as a áirithiú nach gcuireann na lipéid mearbhall ar na tomhaltóirí.

Baineann an leasú seo le Roinn 8.G (Roinn 8.F anois) den tsonraíocht ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d’ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná níl aon fhéidearthacht ann go ndéanfaí an nasc neamhbhailí, agus níl aon srianta gaolmhara ann maidir le fionta an ATFC seo a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Ba ghá an t-athrú sin chun Airteagal 17 de Dhlí 20/2013 an 9 Nollaig 2013 maidir le haontacht an mhargaidh a áirithiú a chomhlíonadh, ós rud é go raibh ‘prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta’ in easnamh.

9. **Athruithe ar na ceanglais maidir le téarmaí áirithe a úsáidtear ar lipéid**

TUAIRISC

Ceartaíodh an earráid maidir leis an reachtaíocht réamhluaite: Cuireadh Airteagal 112(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 in ionad Airteagal 93. Ina theannta sin, leasaíodh na ceanglais i ndáil leis na téarmaí seo a leanas a úsáidtear ar lipéid:

- ‘Ardcháilíocht’: scríosadh an tagairt do riail nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh, agus luaitear go meastar go bhfuil cáilíochtaí orgánaileipteacha ‘ardcháilíochta’ ag an bhfíon.

- ‘Madurado’ [aosaithe] nó ‘Madurado en barrica’ [aosaithe i mbairille]: cuireadh an ceanglas san áireamh ar mhaithe le fianaise orgánaileipteach a bheith ann go raibh teagmháil ag an bhfíon le hadhmad.
- ‘Reserva’ agus ‘Gran Reserva’: ceartaíodh an fhocláíocht chun an sainmhíniú ar an téarma sin sa reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonadh.
- ‘Bobal Alta Expresión’ [léiriú domhain Bobal]: ardaíodh aois íosta na bhfíniúnacha a tháirgeann na fíonchaora ó 35 bliana go dtí 50 bliain.

Déanann an leasú seo difear do Roinn 8.H (Roinn 8.G anois) den tsonraíocht agus do phointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d’ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná níl aon fhéidearthacht ann go ndéanfaí an nasc neamhbhailí, agus níl aon srianta gaolmhara ann maidir le fíonta an ATFC seo a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Ceartaíodh an fhocláíocht agus sonraíodh agus feabhsaíodh na ceanglais maidir leis na téarmaí.

Go háirithe, maidir leis an téarma ‘Bobal Alta Expresión’, is os cionn 50 bliain d’aois atá na fíonghoirt i ndáiríre. Cé go gcomhlíonann siad an ceanglas atá ann faoi láthair de ‘os cionn 35 bliana’, ciallaíonn an leasú go bhfuil an ceanglas i bhfad níos beaichte agus ionadaíoch ar an staid.

10. Mionsonraí cothrom le dáta faoin údaráis inniúil agus faoin gcomhlacht cigireachta

TUAIRISC

Tugadh mionsonraí an údaráis inniúil agus an chomhlachta cigireachta tarmligthe cothrom le dáta.

Déanann an leasú seo difear do Roinn 9 den tsonraíocht, ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ós rud é nach bhfuil sé ar liosta leasuithe an Aontais. Sa chás sonrach seo, ní dhearnadh aon chatagóir táirgí fíniúna a athrú, a bhaint ná a chur leis. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéantar difear d’ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ná níl aon fhéidearthacht ann go ndéanfaí an nasc neamhbhailí, agus níl aon srianta gaolmhara ann maidir le fíonta an ATFC seo a chur ar an margadh.

CÚISEANNA

Glacadh an deis chun athruithe ar mhionsonraí an dá chomhlachta a léiriú.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm(neacha)

Utiel-Requena

2. Cineál táisc gheografaigh

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon
3. Fíon licéir
5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán
6. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán
8. Fíon leathshúilíneach

4. TUAIRISC AR AN BHFÍON NÓ AR NA FÍONTA

1. *Fíon dearg*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Cuma: scáileanna diana an deirg le himreacha corcairghorma, a éiríonn caordhearg le haois uaireanta. Tagann an dath chun cinn go han-mhall ar na fíonta dearga a dhéantar as an bhfíonchaor Bobal atá beartaithe lena n-aosú. Dea-bholaithe: dea-bholaithe de thorthaí dubha agus dearga. Le himeacht ama, tagann dea-bholaithe de thorthaí aibí chun cinn. Blas: fíonta ag a bhfuil tathag, déine mhaith agus aigéadacht atá cothromaithe go ginearálta.

* Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfionta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 20 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.

** Uasmhéid SO₂: 150 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fionta inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 200 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fionta arb é 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó an méid siúcra iontu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhr (mar % den toirt)	10,5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	150

2. Fíon geal

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Scáileanna buí de dhéine éagsúil, d'fhéadfadh iarracht de ghlas a bheith air. Bíonn dath níos órga ar fhíonta geala a dhéantar as an gcineál Tardana. Dea-bholaithe de bhláthanna agus de thorthaí bána. Is féidir dea-bholaithe trópaiceacha a bheith ar fhíonta a dhéantar as fionchaora Tardana. Tá tathag acu sa bhéal, chomh maith le hiarracht d'aigéadacht a thugann úire dóibh.

* Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfionta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 18 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.

** Uasmhéid SO₂: 200 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fionta inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 250 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fionta ag a bhfuil 5 ghram siúcra nó níos mó in aghaidh an lítir.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhr (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	200

3. *Fíon rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Imreacha bándearga, idir bándearg corcairghoirm agus bándearg oráiste. Dea-bholaithe a chuireann torthaí dearga i gcuimhne; is é sú talún is láidre i bhfionta a dhéantar as fionchaora Bobal. Tá tathag acu sa bhéal agus úire ó aigéadacht nádúrtha an chineáil fionchaoire. Fanann na dea-bholaithe diana de thorthaí dearga san iarbhlás.

* Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfionta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 18 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.

** Uasmhéid SO₂: 200 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fionta inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 250 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fionta ag a bhfuil 5 ghram siúcra nó níos mó in aghaidh an lítir.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhrí (mar % den toirt)	9
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	200

4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dea-bholaithe torthaíocha agus blasanna fíneálta a chuireann teagmháil le moirt i gcuimhne, agus cothromaíocht idir siúcraí agus aigéadacht sa bhéal.

* Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfionta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 18 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) i gcás fionta geala agus rosé, agus 20 milleachóibhéis in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) i gcás fionta dearga, le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhrí (mar % den toirt)	11
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	185

5. *Fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Scáileanna buí; dea-bholaithe torthaíocha a chuireann na fionchaora a úsáideadh i gcuimhne; iarracht de mhilseacht sa bhéal atá comhtháite go maith leis an aigéadacht.

* Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfionta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 18 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	6
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	185

6. Fíonta geala, rosé agus dearga leathshúilíneacha

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Ó thaobh cuma de, cuirtear i láthair na saintréithe ar tugadh tuairisc orthu cheana féin maidir le fíonta geala, rosé nó dearga, de réir mar is infheidhme. Baineann na dea-bholaithe is láidre leis na cineálacha fionchaor. Tá siad éadrom agus úr sa bhéal.

* Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfíonta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 18 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) i gcás fíonta geala agus rosé, agus 20 milleachóibhéis in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) i gcás fíonta dearga, le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.

** Uasmhéid SO₂ (milleagram in aghaidh an lítir): 150 i gcás fíonta dearga agus 200 i gcás fíonta geala agus rosé inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 200 i gcás fíonta dearga agus 250 i gcás fíonta geala agus rosé arb é 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó an méid siúcra iontu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	7
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

7. Fíonta licéir geala agus rosé

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá an chuma agus na dea-bholaithe mar an gcéanna leis na cinn a thuairiscítear i gcás fíonta geala. Tá siad olartha sa bhéal agus cothromaíocht shármhaith idir aigéadacht agus siúcra acu.

* Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfíonta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 18 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.

** Uasmhéid SO₂: 150 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fíonta inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 200 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fíonta arb é 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó an méid siúcra iontu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	15
Íosmhéid aigéadachta iomláine	4 ghram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	150

8. Fíon dearg licéir

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá an chuma agus na dea-bholaithe mar an gcéanna leis na cinn a thuairiscítear i gcás fíonta dearga. Tá siad olartha sa bhéal agus cothromaíocht shármhaith idir aigéadacht agus siúcra acu.

- * Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfíonta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 20 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.
- ** Uasmhéid SO₂: 150 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fíonta inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 200 milleagram in aghaidh an lítir le haghaidh fíonta arb é 5 ghram in aghaidh an lítir nó níos mó an méid siúcra iontu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	15
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	150

9. Fíonta geala, rosé agus dearga atá íseal in alcól

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Ó thaobh cuma de, cuirtear i láthair na saintréithe ar tugadh tuairisc orthu cheana féin maidir le fíonta geala, rosé nó dearga, de réir mar is infheidhme. Is fíonta torthaíocha iad a chuireann na fíonchaora úra a úsáidtear chun iad a dhéanamh i gcuimhne. Tá aigéadacht dhea-chomhtháite acu sa bhéal, rud a thugann úire agus comhchuibheacht dóibh.

- * Aigéadacht iomlán uasta: 3.5 ghram in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga, agus 4 ghram in aghaidh an lítir i gcás fíonta geala agus rosé.
- ** Uasmhéid aigéadachta luainí i bhfíonta a rinneadh roimh an mbliain fíona is déanaí: 18 milleachóibhéisí in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) i gcás fíonta geala agus rosé, agus 20 milleachóibhéis in aghaidh an lítir (16,6 + 1 mhilleachóibhéis in aghaidh an lítir) i gcás fíonta dearga, le haghaidh gach céime alcóil os cionn 10 %.
- ** Uasmhéid SO₂ (milleachóibhéisí in aghaidh an lítir): 150 i gcás fíonta dearga agus 200 i gcás fíonta geala agus rosé inar lú an méid siúcra ná 5 ghram in aghaidh an lítir; 200 i gcás fíonta dearga agus 250 i gcás fíonta geala agus rosé ina bhfuil ar a laghad 5 ghram siúcra in aghaidh an lítir.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	—
Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt)	4,5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	ina míleachóibhéisí in aghaidh an lítir
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhíleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhíleagraim in aghaidh an lítir)	

5. Cleachtais fionóireachta

5.1. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Uasmhéid de 74 lítear fíona in aghaidh gach 100 cileagram fíonchaor

5.2. Uastáirgeacht

1. Cineálacha dearga a threoraítear ina gcua

7 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

55,5 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonchaora Bobal a threoraítear ina gcua

8 600 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

63,64 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha geala a threoraítear ina gcua

9 900 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

73,26 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha dearga a fhástar i dtreilísí

9 100 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

67,34 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. Fíonchaora Bobal a fhástar i dtreilísí

10 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

77,70 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Cineálacha geala a fhástar i dtreilísí

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

88,80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Limistéar geografach críochaithe

Tá an limistéar ina bhfástar na fíonchaora agus ina ndéantar na fíonta leis an ATFC Utiel-Requena comhdhéanta de thalamh atá lonnaithe sna bardais Camporrobles, Caudete de las Fuentes, Fuenterrobles, Requena, Siete Aguas, Sinarcas, Utiel, Venta del Moro agus Villargordo del Cabriel, gach ceann díobh atá i gcúige Valencia.

Is mar an gcéanna an limistéar ina ndéantar agus ina n-osaítear an táirge.

7. Cineál/cineálacha fíniúna

BOBAL

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA
GARNACHA TINTA
GARNACHA TINTORERA
GODELLO
GRACIANO
MACABEO – VIURA
MERLOT
MERSEGUERA
MONASTRELL
PARELLADA
PETIT VERDOT
PINOT NOIR
PLANTA NOVA - TARDANA
SAUVIGNON BLANC
SYRAH
TEMPRANILLO
TORTOSÍ
VERDEJO

8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

8.1. *Fíonta dearga*

Is iad an méid feanóil a fhaightear sa limistéar, go háirithe ón gcineál áitiúil Bobal, in éineacht leis an aigéadacht iomlán ard, na tosca atá freagrach as scáileanna diana an deirg, le himreacha corcairghorma uaireanta, a bheith ar na fíonta dearga. Is é an talamh a thugann iarracht de bhalsam do bhlasanna aramatacha na dtorthaí dearga agus dubha, mar gheall ar na saintréithe ar tugadh tuairisc orthu roimhe seo. Go ginearálta, táirgtear fíonta a bhfuil tathag acu sna fíonghoirt sa limistéar geografach seo, mar gheall ar an gcomhchruinniú feanóil réamhluaite. Tá cumasc iontu de dhea-bholaithe a fhanann san iarbhlas agus láine mhaith, fad agus mianracht sa bhéal.

8.2. *Fíonta geala, fíonta rosé*

I gcás fíonta geala, tugann cineál aolchloiche na n-ithreacha dea-bholaithe de bhláthanna agus de thorthaí bána do na fíonta, agus bíonn siad réasúnta láidir má bhaintear aibiú feanólach iomlán amach. Is suntasach a n-úire sa bhéal ón aigéadacht nádúrtha.

Is féidir na fíonta rosé a tháirgtear faoin ATFC a shainnithint ón dath marthanach bándearg atá mar shaintréith díobh, go háirithe nuair a dhéantar iad as fíonchaora den chineál Bobal. Is saintréithe iad na dea-bholaithe de thorthaí dearga. I gcás fíonchaora Bobal, bíonn dea-bholaithe láidre sú talún iontu, ar tréith thipiciúil é den chineál i dtalamh Utiel-Requena.

8.3. *Fíonta súilíneacha, leathshúilíneacha agus fíonta atá íseal in alcól*

Mar gheall, cuid mhór, ar an iliomad uaireanta gréine nuair a bhíonn na siúcraí ag teacht chun cineáil sna fíonchaora agus iad ag aibiú, is féidir na dea-bholaithe cumhachtacha a tháirgeadh, chomh maith leis an gcothromaíocht idir siúcra agus aigéadacht is gá chun na cineálacha sin fíona a dhéanamh.

8.4. *Fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán*

Leis an iliomad uaireanta gréine gach bliain, tugtar deis do na fíonchaora a siúcraí a fhorbairt gan neart alcóil iomarcach a bheith iontu agus na comhpháirteanna sna craicne ag aibiú go héifeachtach.

Mar shaintréith ag na fíonta sin tá a gcothromaíocht idir siúcra agus aigéadacht agus cáilíocht a ndea-bholaithe cumhachtacha. Tá siad taitneamhach sa bhéal agus tá úire áirithe acu a chuireann na torthaí as a ndéantar iad i gcuimhne. Fágann aigéadacht nádúrtha na bhfíonta sin go bhfuil acmhainneacht mhaith acu a bheith coimeádta agus aosaithe.

8.5. *Fionta licéir*

Is féidir saintréithe sonracha na bhfionta licéir a bhaint amach a bhuí don riosca íseal maidir le galair fhungasacha i limistéar an ATFC. I gcás an chineáil seo fiona, is féidir buainte déanacha a dhéanamh ar fhionchaora sláintiúla a bhfuil leibhéil siúcra an-ard acu fad a choinníonn siad aigéadacht iomlán an-ard go nádúrtha. Bíonn tionchar ar a gcáilíochtaí orgánaileipteacha ag na céimeanna éagsúla roimh an mbuaint, ag an meascán siúcraí agus aigéadacht agus ag an leibhéal aibíochta a bhaineann na fionchaora amach. Ar ndóigh, is iad an talamh agus na dálaí aeráide sa limistéar seo a thugann a bhféiniúlacht do na fionchaora.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní féidir pacáistiú a dhéanamh ach i bhfionlanna cláraithe atá lonnaithe i limistéar críochaithe an ATFC. Tá eisceacht ann maidir le saoráidí buidéalaithe atá lonnaithe lasmuigh den limistéar táirgthe a d'údaraigh an Bord Rialála roimh mhí na Nollag 2011. Níl feidhm ag an eisceacht ach maidir leis an ngníomhaíocht ar údaraíodh fionlanna den sórt sin ina leith agus sin amháin, agus leis na dálaí céanna faoinar cuireadh san áireamh iad ar chlár na saoráidí buidéalaithe, faoi réir an nós imeachta cigireachta a leag an Bord Rialála síos.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór d'ainm an Ainmniúcháin Tionscnaimh Faoi Chosaint Utiel-Requena, chomh maith leis an bhfaisnéis a éilítear go ginearálta sa reachtaíocht is infheidhme, a bheith le feiceáil go soiléir ar lipéid na bhfionta pacáistithe.

Ní mór don bhliain fiona a bheith le feiceáil go soiléir ar fhíonta buidéalaithe geala, rosé agus dearga.

Gan beann ar an gcineál pacáistíochta ina scaoiltear na fionta lena dtomhailt, ní mór dóibh séala ráthaíochta uimhrithe, lipéad nó lipéad cúil arna eisiúint ag an mBord Rialála a bheith orthu, nach mór a bheith greamaithe díobh ag an bhfionlann féin, i gcomhréir leis na caighdeáin arna leagan síos ag an mBord Rialála, agus ar bhealach nach féidir iad a athúsáid. Is féidir leis an mBord Rialála údarú a thabhairt do chóras uimhrithe coibhéiseach atá formheasta aige féin a chur in ionad an lipéid chúil uimhrithe.

Is féidir na téarmaí seo a leanas a úsáid:

'Bobal con mención específica' [Bobal luaite go speisialta] i gcás fionta aonchineálacha rosé agus dearga a dhéantar as fionchaora Bobal.

'Madurado' [aosaithe] nó 'Madurado en barrica' [aosaithe i mbairille], i gcás fionta dearga nó geala a choinnítear i mbairillí darach nó i mbairillí buaircín ag a bhfuil toilleadh uasta 600 lítear, ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí ach atá leordhóthanach chun difear a dhéanamh do na saintréithe orgánaileipteacha bunaidh, agus dá bhrí sin chun na saintréithe príomha dea-bholadh agus blas a athrú ar bhealach a fhágann gur féidir an teagmháil le hadhmad a shainathint.

'Bobal Alta Expresión' [léiriú domhain Bobal] i gcás fionta Bobal aonchineálacha, le haosú nó gan aosú, a thugann léiriú uasta an terroir tríd an gcineál Bobal. Ní mór do na fíonghoirt a bheith os cionn 50 bliain d'aois. Ní mór don táirgeacht a bheith níos lú ná 4 000 cileagram in aghaidh an heicteáir (29,60 heictilítir in aghaidh an heicteáir). Níor cheart iad a uisciú, ach amháin i gcás ina dtugann an Bord Rialála údarú roimh ré. Ní mór do na modhanna fionsaothraithe a úsáidtear béim a leagan ar chothromaíocht bhitheolaíoch an fhíonghoirt a chosaint agus ní mór dóibh meas ar an gcomhshaol a léiriú. Ní mór údar maith a thabhairt leis na cleachtais talmhaíochta uile a dhéantar i loga goirt. Ní mór do na fionlanna a áirithiú i gcónaí go gcoinnítear na fionta sin go hiomlán ar leithligh ó fhíonta eile a dhéantar ina saoráidí, agus ní mór a dtionscnamh a lua. Ní mór do na lipéid an líon buidéal sa bhaisc fiona a thaispeánann an téarma sin a lua.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

<https://portalagrari.gva.es/documents/366567370/0/00001D+PC+DO+UTIEL-REQUENA+DEFINITIVO.pdf/76ec7286-6eef-f866-3b5f-ab88734cbbed?t=1682418183136>

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)